Preaseisiúint ó FRA
Vín, 22 Feabhra 2017

# Ceartas atá fabhrach do leanaí: dearcadh an linbh

**Is minic a bhíonn eagla ar leanaí atá páirteach in imeachtaí cúirte, a bhraitheann siad nach bhfuil aird á tabhairt orthu, nó a bhíonn easpa eolais orthu, mar a léirítear i dtuarascáil nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Trí cheisteanna a chur ar leanaí ó Bhallstáit éagsúla an Aontais Eorpaigh faoin méid a tharla dóibh agus faoin dearcadh atá acu, léirítear sa tuarascáil cheannródaíoch seo go bhfuil a lán le déanamh againn go fóill ionas go mbeidh ár gcórais cheartais fabhrach do leanaí.**

*"I gcás leanaí ar tharla rudaí anacracha dóibh nó a bhfuil rudaí anacracha feicthe acu cheana féin, táimid á gcur faoi bhrú nach bhfuil aon ghá leis. Ní mór don lucht déanta beartais agus do chleachtóirí araon a chinntiú go nglacfar meon dáiríre i leith na rudaí a dhéanann imní do leanaí a bhíonn páirteach in imeachtaí cúirte, agus go ndéanfar na cúiseanna imní sin a laghdú an oiread is féidir,"* a deir Michael O'Flaherty, Stiúrthóir FRA.*"Tá treoir shoiléir sa tuarascáil seo faoi bhealaí inar féidir leis na Ballstáit a chinntiú go dtabharfar cead cainte do leanaí i ndáiríre, agus go mothóidh siad sábháilte agus faoi chosaint ag an am céanna."*

Glacann thart ar 2.5 milliún leanbh ó gach cearn den Aontas Eorpach páirt in imeachtaí breithiúnacha gach uile bhliain, i gcáil íospartach, finnéithe nó páirtithe sna himeachtaí. D'fhéadfadh sé gur díospóid faoi chaomhnóireacht in imeachtaí colscartha a bheadh i gceist, nó cásanna drochúsáide gnéasaí nó dúshaothraithe.

Tá an tuarascáil 'Child-friendly justice: Perspectives and experiences of children involved in judicial proceedings' bunaithe ar agallaimh a cuireadh ar 392 leanbh.Aithnítear inti na bacainní a bhíonn le sárú ag leanaí agus réitigh féideartha orthu, mar aon le cleachtais a bhfuil gealladh fúthu atá in úsáid cheana i mBallstáit de chuid an Aontais.

Leag na leanaí béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart atá acu go n-éistfí leo le tuiscint agus le meas. Tugann an méid sin le fios go bhfuil gá le treoirlínte soiléire, praiticiúla, chomh maith le hoiliúint a chur ar na gairmithe go léir a bhíonn i dteagmháil le leanaí. Is mian leis na leanaí freisin go gcoinneofaí ar an eolas iad i rith na n-imeachtaí – ar minic iad a bheith fadálach – faoin dul chun cinn sa chás agus faoi na cearta atá acu féin. Léirítear leis sin an gá atá ann faisnéis a oireann d'aois an linbh a chur ar fáil roimh an triail, lena linn agus ina diaidh.

Ba léir ó na hagallaimh go mbíonn a lán cásanna ann ina mothaíonn leanaí éiginnte nó nach mothaíonn siad sábháilte. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil cosaintí ar bhonn nósanna imeachta i bhfeidhm ag na Ballstáit chun freastal ar na riachtanais atá ag leanaí, sna cásanna is measa amhail iadsan ina bhfuil foréigean teaghlaigh nó drochúsáid ghnéasach i gceist, agus san iomaí cás coimircíochta ar fud an Aontais. Is féidir go n-áireofaí leis na cosaintí sin éisteachtaí a bheith ar bun in áiteanna a oireann do leanaí, naisc físe nó fianaise réamhthaifeadta, mar aon le sonraí pearsanta leanaí a chosaint ó na meáin agus ón bpobal.

Tá na torthaí bunaithe ar agallaimh a cuireadh ar leanaí i 9 mBallstát: an Bhulgáir, an Chróit, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe. Déantar comhlánú sa tuarascáil seo ar an tuarascáil a tháinig ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha roimhe seo ina bhfuil dearcaí gairmithe ar cheartas atá fabhrach do leanaí.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach freisin an pacáiste don phreas le do thoil agus téigh i dteagmháil le:** media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642

**Nótaí d'eagarthóirí:**

- Ar 28 Aibreán, cuirfear i láthair an tuarascáil ag FRA ag imeacht a mbeidh Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige na hÉireann, an Dr Katherine Zappone, páirteach ann.
- Soláthraíonn FRA comhairle ar bhonn fianaise do lucht cinnteoireachta san Aontas Eorpach agus sna tíortha féin, rud a chuidíonn le díospóireachtaí agus beartais níos eolaí agus níos spriocdhírithe ar chearta bunúsacha.
- Tá tuilleadh eolais ar líne faoi obair na Gníomhaireachta i ndáil le cearta leanaí.